**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**
State Examinations Commission
Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí, N37 TP65
Cornamaddy, Athlone, Co. Westmeath, N37 TP65

Teileafón: +353-90-644 2877. Gréasán: www.examinations.ie.

**Ciorclán CSS S14/25**

# Acmhainní Breise agus Socruithe Íocaíochta do Scoileanna chun Tacú le Reáchtáil Scrúduthe Teistiméireachta an Stáit, 2025.

**CHUIG BOIRD BHAINISTÍOCHTA/ÚDARÁIS SCOILEANNA DARA LEIBHÉAL, PRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH BOOanna, AGUS BAINISTÍOCHT IONAD OIDEACHAIS EILE A CHUIRFIDH SCRÚDUITHE TEISTIMÉIREACHTA STÁIT AR FÁIL IN 2025**

Is é aidhm an chiorcláin seo eolas a thabhairt do na scoileanna faoi na socruithe íocaíochta, ar a n-áirítear na rátaí íocaíochta a bheidh i bhfeidhm i gcás an phearsanra a cheapann na scoileanna agus costais bhreise eile le haghaidh Scrúduithe 2025. I gcás na mBord Oideachais agus Oiliúna, clúdaíonn sé seo freisin ionaid Bhreisoideachais ar nós ionaid Scéim na nDeiseanna Oiliúna Gairmoideachais (VTOS) agus Ógtheagmháil ina mbeidh scrúduithe ar siúl.

Beidh mionsonraí maidir le Scrúduithe Iarchurtha na hArdteistiméireachta, 2025 mar ábhar ciorcláin ar leith.

Tá na suíomhanna scrúduithe nach bhfaigheann maoiniú ón Státchiste tríd an Roinn Oideachais (e.g. coláistí príobháideacha) freagrach as a gcostais féin i dtaca le pleanáil agus riar na Scrúduithe Stáit. Cé nach bhfaighidh na suíomhanna oideachais seo maoiniú ó CSS do Chúntóir Scrúdaithe ná d'aon chostas ilghnéitheach atá leagtha amach sa chiorclán seo, tá siad incháilithe chun éileamh a dhéanamh ar chostas Feitheoirí agus Freastalaithe Scrúdaithe a cheapann an scoil.

Tá raon na dtacaíochtaí scrúdaithe deartha chun tacú leis na scoileanna a chinntiú go ndéantar an obair atá riachtanach do na Scrúduithe Stáit agus go gcuirfidh sin isteach a laghad is féidir ar bhainistíocht agus acmhainní ginearálta na scoile. Sna hacmhainní atá curtha ar fáil, aithnítear freisin an obair atá ar siúl lasmuigh d'am scoile leis na Béaltrialacha sa Ghaeilge agus sna Nua-Theangacha Iasachta a reáchtáil i rith thréimhse shaoire na Cásca, ó Dé Sathairn, an 12 Aibreán go dtí Déardaoin, an 17 Aibreán, agus aithnítear go mb'fhéidir go mbeidh ar dhaoine a bheith i láthair Dé Domhnaigh i mí an Mheithimh chun tacú le seachadadh sábháilte na scrúdpháipéar.

Ba chóir an ciorclán seo a léamh in éineacht le Ciorclán **CSS S88/24** – *Fógra Tábhachtach maidir leis na Béaltrialacha sa Ghaeilge & sna Nua-Theangacha Iasachta d'Ardteistiméireacht 2025* & **Ciorclán CSS S12/24** – *Scrúduithe na hArdteistiméireachta (Seanbhunaithe), 2025; Béaltrialacha sa Ghaeilge & sna Nua-Theangacha Iasachta don Ardteistiméireacht 2025*, agus aon chiorcláin eile a bhaineann leis na scrúduithe a reáchtáil.

Tá achoimre ar fáil in **Aguisín A** ar na rátaí a chuirtear i láthair sa cháipéis seo**.**

## 1. Réamhíochaíochtaí le Scoileanna

Chun cuidiú le híoc as roinnt de na costais a bhaineann le Scrúduithe Stáit 2025, cuirfidh an CSS réamhíocaíochtaí ar fáil do scoileanna i **mí na Bealtaine 2025** i gcomhréir leis an ngnáthchleachtas. Déanfar cúiteamh ar an réamhíocaíocht i gcoinne éilimh deiridh 2025 de chuid na scoile.

## 2. Rátaí Íocaíochta 2025

Cuirtear méaduithe sa tseirbhís phoiblí i bhfeidhm go siarghabhálach do na scrúduithe stáit. I gcomhréir leis an síneadh ar chomhaontú na seirbhíse poiblí, Ag Dul Ó Neart go Neart, tá méadú 4.30% (carnach) ar rátaí 2025 do Chúntóir Scrúduithe, d'Fheitheoir, do Fhreastalaí agus d'Obair Ullmhúcháin.

## 3. Aisíocaíochtaí leis na Scoileanna

Déanfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) costais a aisíoc nuair is cuí sna cásanna seo a leanas:

i) Laethanta Cúntóirí Scrúduithe
ii) Cúntóir Scrúduithe – Tacaíocht Thréadach do scrúduithe Béaltrialacha na hArdteistiméireachta um Cháisc
iii) Feitheoirí a cheapann na Scoileanna do na Trialacha Praiticiúla lae, sa Staidéar Foirgníochta, san Innealtóireacht, Nascmhodúil GCAT, TFC san ATF, Ríomheolaíocht agus na Trialacha Cluastuisceana
iv) Feitheoirí a cheapann na Scoileanna d'ionaid speisialta scrúdaithe
v) Freastalaithe Scrúdaithe
vi) Costais Ilghnéitheacha a bhaineann leis na scoileanna a bheith oscailte le linn laethanta saoire na Cásca le Scrúduithe Bhéaltrialacha na hArdteistiméireachta, 2025, a éascú
vii) Costais iompair a bhaineann le hiarrthóirí a bheith ag taisteal ar scoil le haghaidh na scrúduithe le linn thréimhse shaoire na Cásca
viii) Íocaíocht as Obair Ullmhúcháin/Measúnú ar Thionscadail.

### i) Cúntóirí Scrúduithe

Ar údaráis na scoileanna i gcoitinne, agus ar Phríomhoidí na scoileanna go háirithe, a bhraitheann reáchtáil shásúil Scrúduithe Teastais an Stáit. I gcomhréir le cleachtas seanbhunaithe sna Scrúduithe Stáit, tá sé faoi rogha údaráis na scoileanna (agus údaráis na n-ionad oideachais eile a fhaigheann cistí poiblí) Cúntóir a fhostú chun cuidiú leis an bPríomhoide i rith na Scrúduithe Stáit nó le bheith mar ionadaí iomlán an Phríomhoide nuair nach mbíonn sé/sí sin ar fáil ar chúis ar bith. Áirítear ar na Scrúduithe Stáit na scrúduithe ar fad (scrúduithe scríofa, Béaltrialacha agus na comhpháirteanna uile eile) agus níl raon dualgais agus freagrachtaí Phríomhoidí na scoileanna maidir leis na scrúduithe seo teoranta do thréimhse scrúdaithe mhí an Mheithimh.

Tá na nithe seo a leanas faoi rogha na n-údarás ábhartha (scoileanna agus eintitis eile a fhaigheann maoiniú poiblí mar atá leagtha amach thuas):

- Cúntóirí Scrúdaithe a fhostú chun obair a dhéanamh faoi threoir ghinearálta fhoireann bhainistíochta an Phríomhoide agus an Leas-Phríomhoide chun an raon freagrachtaí a chomhlíonadh i riar Scrúduithe Stáit 2025 sna scoileanna. Cé gurb é ról an Chúntóra cuidiú leis an bPríomhoide i rith na Scrúduithe Stáit, is ceadmhach don Chúntóir a bheith mar ionadaí iomlán an Phríomhoide sa chás nach bhfuil sé/sí sin ar fáil ar chúis ar bith, ar an gcoinníoll go bhfuil bainistíocht na scoile sásta go bhfuil na dualgais riachtanacha á gcomhlíonadh go hiomlán ag an gCúntóir ar na hócáidí seo

- Roghnú a dhéanamh ról an Chúntóra Scrúdaithe a roinnt idir roinnt ball d’fhoireann na scoile. Moltar go roinnfí an ról ar a laghad daoine agus is féidir [1]. (Cé nach é an rud is fearr é, is ceadmhach do na scoileanna, más gá, leathlaethanta a leithdháileadh, laistigh de leithdháileadh iomlán na laethanta ar an ráta per diem, más áil leo agus má oireann sin dá gcuid riachtanas ar leith).
- An Cúntóir Scrúdaithe a cheapadh de réir na modheolaíochta atá ann cheana féin ag leibhéal na scoile ar leith.

Ós rud é go gcuimsíonn raon dualgas an Chúntóra Scrúdaithe feidhmeanna a bhíonn le comhlíonadh le linn am scoile (e.g. obair a phleanáil, na scrúduithe praiticiúla, etc.) ní mór don scoil a bheith sásta nuair a cheaptar múinteoir atá ar seirbhís sa ról seo nach gcuirtear isteach ar ghnáthdhualgais an mhúinteora sin agus nach dtabhaítear costais bhreise dá bharr (e.g. costais ionadaí)

**Ról an Chúntóra Scrúduithe**

Cé gur faoi údaráis na scoileanna a bheidh sé cinneadh ar deireadh cad iad na dualgais a bheidh ar an gCúntóir a fhostaítear aimsir na scrúduithe, d’fhéadfaí an Cúntóir a cheapadh le cuid de na nithe atá ar an liosta dualgas seo a leanas a dhéanamh. Is cóir a thabhairt do d’aire, áfach, nach liosta iomlán é seo;

- A bheith ag obair faoi threoir fhoireann bhainistíochta an Phríomhoide agus an Leas-Phríomhoide le hullmhú do Scrúduithe Stáit 2025 agus iad a eagrú, i gcomhréir le treoracha CSS.
- Measúnú a dhéanamh ar an gcóiríocht a bheidh in úsáid mar ionaid scrúdaithe agus ar líon na n-iarrthóirí is féidir a chur isteach i ngach seomra, agus cuidiú leis na hionaid a shocrú.
- Pleanáil agus riar na scrúduithe béaltrialacha mar atá leagtha amach i gCiorcláin CSS S84/23 & S11/25.
- Iarrthóirí a shannadh san ionad/sna hionaid atá le húsáid le haghaidh na scrúduithe, seisiún ar sheisiún, agus sna hionaid scrúdaithe speisialta nuair is cuí.
- Na béaltrialacha/trialacha praiticiúla/trialacha tionscadail a eagrú tríd an gcóiríocht a shocrú, etc.
- Cuidiú le Feitheoirí leis na taifid tinrimh a chur ar ais i gcomhréir le treoracha CSS.
- Páirt a ghlacadh de réir mar is gá in earcaíocht Feitheoirí laistigh den scoil le feidhmiú in ionaid scrúdaithe speisialta agus maoirseacht a dhéanamh ar na feitheoirí sin le linn thréimhse a gcuid oibre.
- Páirt a ghlacadh de réir mar is gá in aimsiú agus i gceapachán na bhfreastalaithe scrúduithe
- A chinntiú go bhfuil na seomraí agus an trealamh feiliúnach ó thaobh fuaime de le haghaidh na dtrialacha cluastuisceana sa cheol agus sna hábhair teanga agus soláthar a dhéanamh d’úsáid dlúthdhioscaí san ATF agus in GCAT.
- Teagmháil a dhéanamh le Feitheoir na scrúduithe nó le Freastalaí an ionaid sa chás go dtarlaíonn aon deacracht i rith an scrúdaithe agus teagmháil a dhéanamh le CSS maidir le nithe a thagann chun cinn.
- Socrú a dhéanamh leis an ábhar scrúdaithe a ghlacadh isteach, a stóráil go sábháilte nó a sheoladh go dtí CSS, lena n-áirítear ábhar scrúdaithe a ghlacadh isteach sna scoileanna Domhnach amháin i mí an Mheithimh.
- Socrú a dhéanamh le stáiseanóireacht na scrúduithe a ghlacadh isteach agus a stóráil go sábháilte, cuidiú, tacú agus teagmháil a dhéanamh leis na Feitheoirí atá ceaptha ag an CSS.
- Déileáil le cásanna ina mbeidh ar iarrthóirí aistriú go dtí ionaid scrúdaithe eile.
- Cuidiú sa bhreis a chur ar fáil sna laethanta tosaigh de sceideal na scrúduithe.

[1] Ach, ag cur san áireamh nach mór go mbeadh pearsanra difriúil i gceist leis an gCúntóir Scrúduithe Tacaíochta Tréadaí agus an Cúntóir Scrúduithe Riaracháin do Bhéaltrialacha na hArdteistiméireachta.

**ii) Cúntóir Scrúduithe – Tacaíocht Thréadach do scrúduithe Béaltrialacha na hArdteistiméireachta um Cháisc**

Feiceann na hiarrthóirí, a dtuismitheoirí agus údaráis na scoileanna an Cúntóir Scrúduithe Tacaíochta Tréadaí, a thug CSS isteach in 2024, mar ghné ríthábhachtach le scrúduithe Béaltrialacha na hArdteistiméireachta a sheachadadh le linn Shaoire na Cásca. Tá dhá phríomhdhualgas ar an duine a cheaptar don ról a) tacaíocht a thabhairt d'iarrthóirí atá ag teacht isteach sa scoil le haghaidh a scrúduithe b) lena chinntiú go bhfreastalaíonn na hiarrthóirí uile ar na scrúduithe tábhachtacha seo.

Le haghaidh scrúduithe 2025, tá laethanta an Chúntóra Scrúduithe Tacaíochta Tréadaí á méadú ag CSS ó chúig lá go dtí sé lá ar a mhéad. Beidh líon na laethanta is féidir le scoil a éileamh ag brath ar líon laethanta na scrúduithe béaltrialacha i ngach scoil. Tá an acmhainn á cur ar fáil ionas gur féidir le gach údarás scoile ball foirne a cheapadh don chuspóir sonrach le tacaíocht thréadach a chur ar fáil d'iarrthóirí agus lena chinntiú go mbeidh siad i láthair nuair a dhéantar na scrúduithe Béaltrialacha a sheachadadh thar thréimhse saoire na Cásca.

Féadfaidh údaráis na scoileanna lá Cúntóra Scrúduithe amháin a éileamh le haghadh gach lá ina mbeidh na scrúduithe Béaltrialacha sceidealaithe thar thréimhse ama na mBéaltrialacha, Dé Sathairn an 12 go dtí Déardaoin an 17 Aibreán. Ós rud é go bhféadfadh scoileanna a bheith oscailte suas le sé lá sa tréimhse is é sé lá uaslíon na laethanta is féidir le scoileanna a éileamh.

I bhfianaise cé chomh tábhachtach agus atá an ról tréadach seo le tacú le hiarrthóirí i rith na scrúduithe Béaltrialacha, i gCiorclán S11/2025 CSS, cuirtear mionsonraí ar fáil faoi ról an Chúntóra Scrúduithe Tacaíochta Tréadaí. Tá na dualgais curtha in iúl anseo freisin ar mhaithe le héascaíocht. *Tá na dualgais seo a leanas ar an duine ceaptha;*

- *Freastal ar an scoil agus a bheith ar fáil d'iarrthóirí sa scoil i rith scrúduithe na mBéaltrialacha*
- *É/í féin a chur in aithne do na hiarrthóirí sa scoil roimh thús na scrúduithe ionas gur féidir leis na hiarrthóirí teagmháil a dhéanamh leis/léi de réir mar is gá*
- *A bheith le feiceáil i láthair agus tacaíocht a thabhairt do na hiarrthóirí uile de réir mar is gá roimh agus i ndiaidh na scrúduithe*
- *Monatóireacht agus bainistíocht a dhéanamh ar thinreamh na n-iarrthóirí de réir sceideal an tinrimh*
- *Fiosrú a dhéanamh le haon iarrthóir nach bhfreastalaíonn in am nó nach bhfreastalaíonn ar chor ar bith dá scrúduithe Béaltrialacha*
- *A chinntiú go bhfuil bealach ag gach iarrthóir le fáil ar scoil ar gach lá dá scrúduithe (agus tabhair faoi deara mar atá in d thíos, agus go n-aisíocfaidh CSS le scoileanna costas na dtáillí tacsaí d'aon iarrthóirí atá ag brath ar Scéim Iompair Scoile na Roinne a bhfuil iompar ag teastáil uathu)*
- *Tacaíocht eile a chur ar fáil d'iarrthóirí de réir mar a thagann an gá chun cinn.*
- *Tá sé riachtanach nach mbeidh an duine atá ceaptha sa ról seo bainteach le dualgais fheidhmiúla agus riaracháin a bhaineann leis na scrúduithe Béaltrialacha.*

**Ráta Íocaíochta 2025:**
Is é seo a leanas an ráta íocaíochta do dhaoine a cheaptar mar Chúntóirí Scrúduithe in 2025:

| | |
|---|---|
| Cúntóirí Scrúdaithe: Ráta in aghaidh an Lae | €167.54 |

**Líon na Laethanta do Chúntóirí Scrúduithe is féidir a éileamh**
Beidh líon na laethanta do Chúntóirí Scrúduithe ag brath ar líon na n-iarrthóirí sa scoil agus ar raon na ngníomhaíochtaí atá de dhíth le freastal ar riachtanais na n-iarrthóirí sa scoil sin, mar seo a leanas:

**a. Ginearálta**

| Aidhm | An tUaslíon Laethanta | An tUaslíon Laethanta |
|---|---|---|
| | **Na Laethanta atá ar fáil do Gach Scoil** | **Na Laethanta atá ar fáil do Gach Scoil** |
| Ag pleanáil do na Scrúduithe Stáit agus do Scrúduithe mhí an Mheithimh | Suas le 15 Lá | Suas le 15 Lá |
| | **Suas le 300 Iarrthóir** | **300 Iarrthóir nó níos mó** |
| Iar-bhunscoileanna aitheanta ina bhfuil 300 iarrthóir nó níos mó ag dul a dhéanamh na scrúduithe, beidh cead acu lá sa bhreis a éileamh in aghaidh gach 50 iarrthóir bhreise | Nialas | 1 lá in aghaidh gach 50 iarrthóir bhreise |

**b. Scrúduithe Béaltrialacha um Cháisc**

Baineann na hacmhainní seo go sonrach le scrúduithe Béaltrialacha na hArdteistiméireachta a reáchtáil le linn shaoire na Cásca, i mbliana ó Dé Sathairn an 12 Aibreán go dtí Déardaoin an 17 Aibreán 2025.

| Ról | Achoimre ar an Ról | Suas le 120 Iarrthóir Ardteistiméireachta | 120 Iarrthóir Ardteistiméireachta nó níos mó |
|---|---|---|---|
| Cúntóir Scrúduithe Riaracháin | Pleanáil agus Riarachán na scrúduithe a bheidh ar siúl thar shaoire na Cásca, **2025**. | Suas le 8 Lá | Suas le 10 Lá |
| Cúntóir Scrúduithe Tacaíochta Tréadaí | a) Tacaíocht a thabhairt d'iarrthóirí atá ag teacht chuig an scoil le haghaidh a scrúduithe b) A chinntiú go bhfreastalaíonn na hiarrthóirí uile ar na scrúduithe tábhachtacha | Lá amháin do gach lá ina mbeidh na scrúduithe béaltrialacha sceidealaithe sna scoileanna. Suas le 6 lá | Lá amháin do gach lá ina mbeidh na scrúduithe béaltrialacha sceidealaithe sna scoileanna. Suas le 6 lá |

**C. Laethanta Eile**

| | | |
|---|---|---|
| Is féidir le scoileanna a mbíonn scrúduithe acu Dé Luain an 23 Meitheamh no Dé Máirt an 24 Meitheamh suas le 2 lá bhreise a éileamh; ceann amháin do gach lá is gá dóibh oscailt | Suas le 2 Lá | Suas le 2 Lá |
| Scoileanna a osclaíonn ar Dhomhnach amháin i mí an Mheithimh chun na scrúdpháipéir scríofa a fháil. | 2 Lá do gach Domhnach de réir mar is gá | 2 Lá do gach Domhnach de réir mar is gá |

**iii) Feitheoirí a cheapann na Scoileanna, ar a n-áirítear Feitheoirí na nIonad Speisialta, na dTrialacha lae Praiticiúla sa Staidéar Foirgníochta agus san Innealtóireacht; Nascmhodúil GCAT; TFC san ATF; Ríomheolaíocht agus na Trialacha Cluastuisceana.**

Seachas Scrúduithe na dTrialacha Cluastuisceana, beidh na scrúduithe liostaithe ar siúl i scoileanna ar na laethanta scoile. Beidh sonraí na socruithe scrúdaithe ar leith a bheidh i bhfeidhm mar ábhar cumarsáide CSS ar leith a eiseofar roimh thús na scrúduithe atá liostaithe.

Is mar seo a leanas na rátaí íocaíochta do na daoine a cheaptar mar Fheitheoirí agus mar Fheitheoirí Ionad Speisialta le haghaidh scrúduithe 2025:

| | | |
|---|---:|---|
| Trialacha Praiticiúla | €137.98 | in aghaidh an lae |
| Socruithe Réasúnta GCAT/ Ríomheolaíocht (daoine nach Cúntóirí Riachtanas Speisialta iad) | €68.99 | in aghaidh an tseisiúin |
| Socruithe Réasúnta GCAT/ Ríomheolaíocht (daoine ar Cúntóirí Riachtanas Speisialta iad) | €52.64 | in aghaidh an tseisiúin |
| Trialacha Cluastuisceana na hArdteistiméireachta / na Sraithe Sóisearaí | €68.99 | in aghaidh an tseisiúin |
| An Ardteistiméireacht Fheidhmeach (Gaeilge Chumarsáideach & Teangacha (Bliain 1), Teicneolaíocht Faisnéise (Bliain 2)) | €68.99 | in aghaidh an tseisiúin |

**iv) Feitheoirí a Cheapann na Scoileanna le haghaidh Socruithe Réasúnta**

I rith na bliana, eisíonn CSS sonraí chuig na scoileanna maidir leis na hiarrthóirí atá faofa chun leas a bhaint as socrú/socruithe réasúnta le haghaidh na scrúduithe stáit. Cuirfidh CSS tuairisc achomair ar fáil faoi dheireadh mhí na Bealtaine maidir leis na cinntí uile a eisíodh chuig scoileanna (Maitrís RACE). Beidh sonraí san áireamh anseo maidir leis na hionaid scrúduithe speisialta atá faofa. (Cuirfear treoirdhoiciméad ar leith ar fáil freisin do na scoileanna maidir le cur i bhfeidhm na socruithe rochtana

atá faofa faoi Scéim RACE roimh thús scrúduithe mhí an Mheithimh). Idir an dá linn, is féidir le scoileanna pleanáil a dhéanamh dá gcuid riachtanas ionaid speisialta bunaithe ar an bhfaomhadh ar leith a fhaightear i rith na bliana. Is gá don scoil feitheoirí a cheapadh go háitiúil do na hionaid scrúdaithe speisialta agus le tabhairt faoi dhualgais mar Léitheoir Roinnte, Léitheoir Aonair agus/nó Scríobhaithe de réir mar is cuí

Áit a gceapann an scoil Feitheoir áitiúil, agus áit ar Cúntóir Riachtanas Speisialta é/í an Feitheoir sin, tá socruithe íocaíochta ar leith i bhfeidhm. Tá comhaontú ag an Roinn Oideachais leis an gceardchumann FORSA, a dhéanann ionadaíocht ar son Cúntóirí Riachtanas Speisialta, i gcásanna ina mbeidh Cúntóir Riachtanas Speisialta ag tacú le hiarrthóir in ionad speisialta i rith na scrúduithe agus ag feidhmiú na ndualgas a bhaineann le feitheoireacht a dhéanamh ar ionad speisialta, an táille chomhaontaithe a íoc i dtaca le ról na feitheoireachta.

Is mar seo a leanas an ráta íocaíochta do dhaoine a cheaptar mar Fheitheoirí sna hIonaid Speisialta in 2025:

| | | |
|---|---|---|
| Socruithe Réasúnta: (Ráta nach CRS Ráta é) | €68.99 | in aghaidh an tseisiúin |
| Socruithe Réasúnta: (Ráta CRS) | €52.64 | in aghaidh an tseisiúin |

### v) Freastalaithe Scrúduithe

Cuidíonn Freastalaithe (Scoláirí) a ainmníonn na scoileanna, leis na Feitheoirí i rith na scrúduithe. Tá réimse dualgas ann a leagtar ar na Freastalaithe, lena n-áirítear cuidiú a thabhairt leis na hionaid a shocrú; dul in éineacht leis na hiarrthóirí chuig an leithreas agus ar ais; trí ghníomhú mar nasc idir ionad na scrúduithe agus údarás na scoile.

Ba chóir Freastalaithe a cheapadh ar bhonn Freastalaí amháin in aghaidh gach príomhionaid scrúduithe.

Agus cinntí á ndéanamh le Freastalaithe a cheapadh, ba chóir do na scoileanna féachaint ar líon na n-ionad atá ar Thuairisc na nIonad a eiseoidh CSS i mí Aibreáin, 2025.

Féadfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit a chur in iúl gur faoin scoil í féin an costas d'aon fhreastalaithe ar scoláirí iad atá ceaptha ag na scoileanna d'ionaid speisialta aonair. Ach, déanfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit soláthar do fhreastalaithe atá ceaptha d'ionaid speisialta scrúdaithe comhroinnte áit a bhféadfadh freastalaí amháin a bheith fostaithe le haghaidh gach dhá ionad speisialta comhroinnte, ina bhfuil 6 iarrthóir nó níos mó idir an dá ionad."

Ba chóir na híocaíochtaí leis na Freastalaithe a phróiseáil trí phárolla na scoileanna agus na mBord Oideachais agus Oiliúna agus is féidir na costais a fháil ar ais ó CSS. Ní mór an cháin ioncaim agus an MSU a asbhaint ag an bhfoinse faoin gcóras ÍMAT. Tá an fhostaíocht choimhdeach áirithe faoi Aicme J den ÁSPC. Ós rud é go bhféadfadh an fhostaíocht seo a bheith ar an gcéad fhostaíocht ag cuid mhór mac léinn, is gá dóibh clárú leis na Coimisinéirí Ioncaim ionas gur féidir uimhir Phárolla a sheoladh chugat agus ionas nach mbeidh orthu cáin éigeandála a íoc.

Tá bileog ama na bhFreastalaithe ina sonraítear na rátaí atá i bhfeidhm ar fáil in **Aguisín B**.

**vi) Costais Ilghnéitheacha**

Breithneoidh CSS éilimh ó scoileanna agus ó shuíomhanna eile a fhaigheann maoiniú ón státchiste ar costais réasúnta bhreise a thabhaítear go sonrach lena chinntiú go n-osclaítear na scoileanna ag an gCáisc, faoi réir na cáilíochta thíos

| **Costais Ilghnéitheacha** | **Treoir** |
|---|---|
| Teas / Solas | Bunaithe ar sciar réasúnta de bhillí na bhfóntas ar feadh thréimhse na scrúduithe agus ar líon na seisiún scrúdaithe a reáchtáiltear sa scoil thar thréimhse **SAOIRE NA CÁSCA.** |
| Feighlíocht / Glantachán | Bunaithe ar na rátaí pá comhaontaithe sa scoil chun na Scrúduithe a reáchtáiltear thar thréimhse **SAOIRE NA CÁSCA** a chlúdach. |

**vii) Iompar d'Iarrthóirí áirithe chuig na Scrúduithe a reáchtáiltear le lin Shaoire na Cásca**

Maidir le hiompar scoile, agus faoi théarmaí Scéim Iompair Scoile na Roinne Oideachais, is iondúil nach bhfeidhmíonn na seirbhísí iompair scoile d'iarrthóirí incháilithe ach amháin le linn na gnáth-scoilbhliana chun tinreamh na n-iarrthóirí a éascú le linn ghnáthuaireanta oscailte agus dúnta na scoileanna. Beidh Béaltrialacha na hArdteistiméireachta ar siúl thar thréimhse saoire na Cásca, tráth nach mbíonn an Scéim Iompair Scoile ag feidhmiú. Ós rud é nach mbeidh na himeachtaí seo ar siúl ach seal gairid, ní bheadh sé feiliúnach gnáthchóras iompair scoile a bheith i bhfeidhm.

Ós rud é nach mbeidh seirbhísí iompair ar fáil thar an tréimhse ó Dé Sathairn an 12 Aibreán 2025 go dtí an Déardaoin an 17 Aibreán 2025, an dá dháta sin san áireamh, ní mór socruithe eile a dhéanamh lena chinntiú nach gcuirtear isteach ar thinreamh iarrthóra mar gheall ar easnamh iompair. Iarrtar ar scoileanna tinreamh iarrthóirí a éascú ag baint úsáid as seirbhísí tacsaí sna cúinsí seo a leanas. Ní mór don iarrthóir:

a. a bheith incháilithe d'iompar scoile faoi théarmaí Scéim Iompair Scoile na Roinne, agus
b. a bheith ag baint leas as iompar scoile sa scoilbhliain reatha
c. a bheith faoi iallach freastal ar scrúduithe na mBéaltrialacha thar an tréimhse seo.

Note: for the Deferred Leaving Certificate examination, candidates are required to meet their own costs.

Tabhair faoi deara: le haghaidh scrúduithe Iarchurtha na hArdteistiméireachta is gá d'iarrthóirí a gcostais féin a chlúdach.

**viii) <u>Obair Ullmhúcháin / Measúnú ar Thionscadail</u>**

Ba chóir do scoileanna íocaíochtaí a dhéanamh don Obair Ullmhúcháin agus don Mheasúnú ar Thionscadail más infheidhme agus iad a chur san áireamh in éileamh na scoile. Tabhair faoi deara le do thoil nach féidir ach íocaíocht amháin a dhéanamh do gach iarrthóir do gach ábhar a éileamh. Tá Measúnú ar Thionscadail / Obair Ullmhúcháin teoranta do na hábhair atá liostaithe in Aguisín A ag na rátaí atá sonraithe.

**4. Feidhmiú Cánach agus ÁSPC**

Na scoileanna/BOOanna iad féin atá freagrach as cáin, ÁSPC agus MSU a riar i gcás na gceapachán thuas, agus aon airgead a asbhaintear i dtaca lena leithéid a íoc leis na Coimisinéirí Ioncaim. Téigh i dteagmháil le hoifig áitiúil na gCoimisinéirí Ioncaim nó féach ar shuíomh gréasáin na gCoimisinéirí Ioncaim ag www.revenue.ie le haghaidh tuilleadh eolais.

Cuir i bhfeidhm na haicmí ÁSPC iomchuí, le do thoil, mar atá treoraithe ag an Roinn Coimirce Sóisialaí**.**

Is gnách go gclúdaítear ceapachán pearsanra scoile le haghaidh na scrúduithe faoi ÁSPC Aicme J. Is é ráta ÁSCP an fhostóra faoin aicme seo ná 0.5%. Aisíocfaidh CSS ÁSPC an fhostóra ar an ráta iomchuí leis na scoileanna i dtaca le pearsanra a cheapann na scoileanna.

**5. Conas Íocaíocht a Éileamh**

Is gá do na scoileanna/BOOanna:

- íocaíocht a eagrú le pearsanra a cheapann na scoileanna le dul i mbun ról scrúduithe;
- taifid de na gníomhaíochtaí seo a choinneáil; agus
- admhálacha a bhailiú uathu siúd a íoctar le gur éasca éileamh ar íocaíocht a dhéanamh ar CSS in am trátha.

Ag deireadh thréimhse na scrúduithe, ba chóir do na scoileanna na costais a thabhaítear le haghaidh Scrúduithe 2025 a éileamh ar CSS, íocaíochtaí le Cúntóirí Scrúdaithe (nuair is cuí sin), leis na Feitheoirí uile a cheapann an scoil agus le Freastalaithe Scrúduithe, agus íocaíocht as obair ullmhaithe agus mheasúnaithe tionscadal, costais ilghnéitheacha agus costais iompair a bhaineann leis na Béaltrialacha ag an gCáisc san áireamh. Tá sonraí na bhfoirmeacha agus na n-admhálacha iomchuí, an mháistirfhoirm éilimh san áireamh, le fail ag deireadh an chiorcláin seo, agus tá siad ar fáil ar www.examinations.ie/schools faoi **Feitheoirí, Ionaid, Cúntóirí Scrúdaithe**

Ba chóir do na scoileanna na doiciméid ar fad a bhaineann le híocaíochtaí le pearsanra a cheapann an scoil le haghaidh scrúduithe 2025 a choinneáil le linn phróiseas na scrúduithe. Tá na héilimh ar fad le coinneáil agus le seoladh isteach le chéile in aon aighneacht amháin ag deireadh na ngníomhaíochtaí uile a bhaineann le scrúduithe 2025.

**<u>Ní mór</u>** gach éileamh ar aisíocaíocht **<u>a dhéanamh ar na foirmeacha cuí atá ag CSS</u>**. Ní mór an Fhoirm Achoimre ilchodach OS 2024 a chomhlánú agus a sheoladh leis na foirmeacha éilimh comhlánaithe uile chuig Rannóg an Airgeadais, Coimisiún na Scrúduithe Stáit, Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Contae na hIarmhí, N37 TP65.

I gcás scoileanna na mBord Oideachais agus Oiliúna, ní mór na héilimh uile ar íocaíocht a chur chuig Príomhfheidhmeannach an Bhoird ábhartha.

Beidh na foirmeacha éilimh ar fáil ón gcuid maidir le Scoileanna ar ár suíomh gréasáin.

Má bhaintear úsáid as foirmeacha éilimh nach foirmeacha éilimh CSS iad cuirfear an t-éileamh ar fad ar ais chuig an Scoil. Ní mór na héilimh uile ar aisíocaíocht a bheith sínithe de réir mar is cuí ag an té lena ndéantar an íocaíocht agus ag Príomhoide na scoile nó ag Príomhfheidhmeannach an Bhoird Oideachais agus Oiliúna chuí. Má chomhlánaítear éilimh go mícheart, go míchruinn agus/nó mura sínítear iad, cuirfear ar ais ina n-iomláine chuig an scoil nó chuig an mBord Oideachais agus Oiliúna iad.

Leis an Rannóg Airgeadais is cóir fiosruithe faoin gciorclán seo a dhéanamh, ag na huimhreacha fóin 090 - 644 2877/ 2805 / 2847 / 2801 nó ar ríomhphost chuig schoolspayable@examinations.ie.

**Ruth Caffrey**
**Ardoifigeach Feidhmiúcháin**
**An Rannóg Airgeadais**
**14 Aibreán, 2025**

**Tá na foirmeacha ar fáil ar** www.examinations.ie/schools **faoi Feitheoirí, Ionaid, Cúntóirí Scrúdaithe**

- **OS 2025 - Foirm Éilimh Achoimre do Scoileanna**
- **E.A.1. 2025 – Cúntóir Scrúdaithe 2025**
- **Foirm P1 2025 – Éileamh ar Aisíocaíocht Táillí a íoctar le haghaidh GCAT/Ríomheolaíocht/Ábhair ATF Liostaithe/Trialacha Cluastuisceana**
- **SP1 2025 - Éileamh ar Aisíocaíocht Táillí a íocadh le Feitheoirí a cheap an scoil áit a dtagann socrú réasúnta chun cinn**
- **Foirm éilimh le haghaidh Obair Ullmhúcháin agus Measúnú ar Thionscadail**
- **Bileog Ama Freastalaí – Os cionn 18 mbliana d’aois**
- **Bileog Ama Freastalaí – Faoi bhun 18 mbliana d’aois**

**Aguisíní:**

- Aguisín A: Rátaí Íocaíochta 2025 d’Fheitheoirí, Cúntóirí Scrúdaithe & Obair ullmhúcháin agus Measúnú ar Thionscadail
- Aguisín B: Bileoga Ama do Fhreastalaithe

**Aguisín A**

**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**
State Examinations Commission

**Scrúduithe na hArdteistiméireachta agus na Sraithe Sóisearaí, 2025**
**Rátaí Íocaíochta do Chúntóirí Scrúdaithe agus d'Fheitheoirí a cheapann na Scoileanna**

| **Cúntóirí Scrúdaithe** | €167.54 | in aghaidh an lae |
|---|---|---|

| **Feitheoirí** | | |
|---|---|---|
| Socruithe Réasúnta: (Ráta Neamh-CRS) | €68.99 | in aghaidh an tseisiúin |
| Socruithe Réasúnta: (Ráta CRS) | €52.64 | in aghaidh an tseisiúin |
| Trialacha Praiticiúla | €137.98 | in aghaidh an lae |
| Socruithe Réasúnta G.C.A.T/ Ríomheolaíocht (Daoine nach CRSanna iad) | €68.99 | in aghaidh an tseisiúin |
| Socruithe Réasúnta G.C.A.T/ Ríomheolaíocht (Daoine ar CRSanna iad) | €52.64 | in aghaidh an tseisiúin |
| Trialacha Cluastuisceana na hArdteistiméireachta/ na Sraithe Sóisearaí | €68.99 | in aghaidh an tseisiúin |
| An Ardteistiméireacht Fheidhmeach (Gaeilge Chumarsáideach & Teangacha (Bliain 1), Teicneolaíocht Faisnéise (Bliain 2) | €68.99 | in aghaidh an tseisiúin |

| **Obair Ullmhúcháin** | | **Ráta do Gach Iarrthóir** |
|---|---|---|
| An tSraith Shóisearach | Teicneolaíocht Adhmaid | € 5.95 |
| An tSraith Shóisearach | Triail Phraiticiúil Eacnamaíocht Bhaile (Ard & Gnáth) | € 5.95 |
| An Ardteistiméireacht | Triail Phraiticiúil Staidéar Foirgníochta (Ard & Gnáth) | € 5.95 |
| An Ardteistiméireacht | Triail Phraiticiúil Innealtóireachta (Ard & Gnáth) | € 5.95 |
| An Ardteistiméireacht | Obair Chúrsa Ealaíne (Ard & Gnáth) | € 5.95 |
| An Ardteistiméireacht Fheidhmeach | Óstán Lónadóireacht & Turasóireacht | € 5.95 |
| An Ardteistiméireacht Fheidhmeach | Staidéar Grafaice & Tógála (Bliain 2) | € 5.95 |
| An Ardteistiméireacht Fheidhmeach | Teicneolaíocht Faisnéise & Chumarsáide (Bliain 2) | € 5.95 |

| **Measúnú ar Thionscadail** | | **Ráta do Gach Iarrthóir** |
|---|---|---|
| An Ardteistiméireacht | Staidéar Foirgníochta – Triail Phraiticiúil | € 4.28 |

**Aguisín B:**

**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

State Examinations Commission

**BILEOG AMA/ADMHÁLA AN FHREASTALAÍ – Faoi bhun 18 mbliana d'aois**

Tá an tábla thíos curtha ar fáil chun cuidiú leis an bPríomhoide an ráta cuí atá dlite do gach Freastalaí a ríomh. Líon isteach na boscaí cuí agus cuir ar ais an bhileog, le do thoil.

Líon na laethanta atá an t-ionad oscailte: ☐ **Uimh. Rolla na Scoile:** ☐

**Uimhir an Ionaid (An Príomhionad amháin):** ☐

Ainm an Fhreastalaí

| Lá roimh na Scrúduithe – ***03/06/2025*** | | | ***€28.35*** |
|---|---|---|---|
| Fad an tSeisiúin | Táille | Líon na Seisiún | Suim |
| Suas le 1 uair, 30 nóim. | €15.75 | | |
| 2 uair, 00 nóim. | €20.48 | | |
| 2 uair, 15 nóim. | €22.84 | | |
| 2 uair, 20 nóim. | €23.63 | | |
| 2 uair, 30 nóim. | €25.20 | | |
| 2 uair, 45 nóim. | €27.56 | | |
| 2 uair, 50 nóim. | €28.35 | | |
| 3 uair, 00 nóim. | €29.93 | | |
| 3 uair, 20 nóim. | €33.08 | | |
| 3 uair, 30 nóim. | €34.65 | | |
| 3 uair, 40 nóim. | €36.23 | | |
| | | **IOMLÁN**: | |

Admhaím go bhfuair mé an tsuim € ____________

**Síniú an Fhreastalaí**: ______________________________________________ **Dáta:** ____________

**Síniú an Fheitheora:** ________________________________________ **Dáta:** ____________

Deimhnín gur íoc mé € ________________ san iomlán leis an bhFreastalaí thuas.

**Síniú an Phríomhoide**: _______________________________________________ **Dáta**: ___________

**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

State Examinations Commission

**BILEOG AMA/ADMHÁLA AN FHREASTALAÍ – Os cionn 18 mbliana d'aois**

Tá an tábla thíos curtha ar fáil chun cuidiú leis an bPríomhoide an ráta cuí atá dlite do gach Freastalaí a ríomh. Líon isteach na boscaí cuí agus cuir ar ais an bhileog, le do thoil.

Líon na laethanta atá an t-ionad oscailte: ☐ **Uimh. Rolla na Scoile:** ☐

**Uimhir an Ionaid (An Príomhionad amháin):** ☐

Ainm an Fhreastalaí

| Lá roimh na Scrúduithe – ***03/06/2025*** | | | ***€32.40*** |
|---|---|---|---|
| Fad an tSeisiúin | Táille | Líon na Seisiún | Suim |
| Suas le 1 uair, 30 nóim. | €18.00 | | |
| 2 uair, 00 nóim. | €23.40 | | |
| 2 uair, 15 nóim. | €26.10 | | |
| 2 uair, 20 nóim. | €27.00 | | |
| 2 uair, 30 nóim. | €28.80 | | |
| 2 uair, 45 nóim. | €31.50 | | |
| 2 uair, 50 nóim. | €32.40 | | |
| 3 uair, 00 nóim. | €34.20 | | |
| 3 uair, 20 nóim. | €37.80 | | |
| 3 uair, 30 nóim. | €39.60 | | |
| 3 uair, 40 nóim. | €41.40 | | |
| | | **IOMLÁN**: | |

Admhaím go bhfuair mé an tsuim € ___________

**Síniú an Fhreastalaí**: ________________________________________ **Dáta:** ___________

**Síniú an Fheitheora:** ___________________________________ **Dáta:** ___________

Deimhnín gur íoc mé € ______________ san iomlán leis an bhFreastalaí thuas.

**Síniú an Phríomhoide**: ______ **Dáta**: ____